2024/2781

4.11.2024

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2781 ÓN gCOIMISIÚN

**an 31 Deireadh Fómhair 2024**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 8-hiodrocsacuineoilín, aimínipirilid, asocsastróibin, *Candida oleophila* tréithchineál O, clórantrainileapról, flurocsaipir, iomasailil, creasocsaim-meitil, meatabrómúrón, ocsafluairfein, *Paecilomyces fumosoroseus* tréithchineál FE 9901, teafluitrin agus tearbúitiolaisín**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 993/2011 ([2]) ón gCoimisiún formheasadh an tsubstaint ghníomhach 8-hiodrocsacuineoilín go dtí an 31 Nollaig 2021. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 891/2014 ([3]) ón gCoimisiún formheasadh an tsubstaint ghníomhach aimínipirilid go dtí an 31 Nollaig 2024. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 703/2011 ([4]) ón gCoimisiún formheasadh an tsubstaint ghníomhach asocsastróibin go dtí an 31 Nollaig 2021. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 373/2013 ([5]) ón gCoimisiún formheasadh an tsubstaint ghníomhach *Candida oleophila* tréithchineál O go dtí an 30 Meán Fómhair 2023. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1199/2013 ([6]) ón gCoimisiún formheasadh an tsubstaint ghníomhach clórantrainileapról go dtí an 30 Aibreán 2024. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 736/2011 ón gCoimisiún ([7]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach flurocsaipir go dtí an 31 Nollaig 2021. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 705/2011 ón gCoimisiún ([8]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach iomasailil go dtí an 31 Nollaig 2021. Le Rialachán Cur Chun

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 993/2011 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2011 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach 8-hiodrocsacuineoilín, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 263, 7.10.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/993/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 891/2014 ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2014 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach aimínipirilid, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 243, 15.8.2014, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/891/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 703/2011 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2011 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach asocsastróibin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 190, 21.7.2011, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/703/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 373/2013 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach Candida oleophila tréithchineál O, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 112, 24.4.2013, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/373/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1199/2013 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach clórantrainileapról, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 315, 26.11.2013, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1199/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 736/2011 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2011 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach flurocsaipir, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 195, 27.7.2011, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/736/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 705/2011 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2011 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach iomasailil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 190, 21.7.2011, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/705/oj).

Feidhme (AE) 810/2011 ón gCoimisiún ([9]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach creasocsaim-meitil go dtí an 31 Nollaig 2021. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 890/2014 ón gCoimisiún ([10]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach meatabrómúrón go dtí an 31 Nollaig 2024. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 798/2011 ón gCoimisiún ([11]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach ocsafluairfein go dtí an 31 Nollaig 2021. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 378/2013 ([12]) ón gCoimisiún formheasadh an tsubstaint ghníomhach *Paecilomyces fumosoroseus* tréithchineál FE 9901 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 800/2011 ón gCoimisiún ([13]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach teafluitrin go dtí an 31 Nollaig 2021 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 820/2011 ([14]) ón gCoimisiún formheasadh an tsubstaint ghníomhach tearbúitiolaisín go dtí an 31 Nollaig 2021.

(2) Áirítear formheas na substaintí gníomhacha 8-hiodrocsacuineoilín, aimínipirilid, asocsastróibin, *Candida oleophila* tréithchineál O, clórantrainileapról, flurocsaipir, iomasailil, creasocsaim-meitil, meatabrómúrón, ocsafluairfein, *Paecilomyces fumosoroseus*tréithchineál FE 9901, teafluitrin agus tearbúitiolaisín i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([15]).

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2592 ([16]) ón gCoimisiún cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí 8-hiodrocsacuineoilín go dtí an 31 Nollaig 2024.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/291 ([17]) ón gCoimisiún, cuireadh síneadh le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha asocsastróibin, flurocsaipir, iomasailil, creasocsaim-meitil, ocsafluairfein, teafluitrin agus tearbúitiolaisín faoi seach go dtí an 31 Nollaig 2024.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 810/2011 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2011 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach creasocsaim-meitil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 207, 12.8.2011, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/810/oj).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 890/2014 ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2014 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach meatabrómúrón, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 243, 15.8.2014, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/890/oj).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 798/2011 ón gCoimisiún an 9 Lúnasa 2011 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach ocsafluairfein, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún agus Cinneadh 2008/934/CE ón gCoimisiún (IO L 205, 10.8.2011, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/798/oj).

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 378/2013 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2013 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach Paecilomyces fumosoroseus tréithchineál FE 9901, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 113, 25.4.2013, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/378/oj).

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 800/2011 ón gCoimisiún an 9 Lúnasa 2011 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach teafluitrin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Cinneadh 2008/934/CE ón gCoimisiún (IO L 205, 10.8.2011, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/800/oj).

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 820/2011 ón gCoimisiún an 16 Lúnasa 2011 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach tearbúitiolaisín, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún agus Cinneadh 2008/934/CE ón gCoimisiún (IO L 209, 17.8.2011, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/820/oj).

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj).

([16]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2592 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 1-naiftiolaicéataimíd, aigéad 1-naiftiolaicéiteach, 2-feinilfeanól (lena n-áirítear a shalainn amhail salann sóidiam), 8-hiodrocsacuineoilín, aimídeasulfúrón, défheanocs, défheanaconasól, défhluifeineacan, démhéiteaclór, díceamba, eatafeanprocs, eisfeanvailéaráit, feanocsapróp-P, feanpróipidín, feinpiorasaimín, fluasafop-P, leanacail, naprópaimíd, niceasulfúrón, olaí pairifín, ola phairifín, peanconasól, pioclóram, próiheicseaidé-ón, spiorocsaimín, sulfar, teitreaconasól agus trí-alláit (IO L, 2023/2592, 22.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2592/oj).

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/291 ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2019 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 1-naiftiolaicéataimíd, aigéad 1-naiftiolaicéiteach, aicrinitrin, asocsastróibin, fluasafop-p, fluarocsaipir, iomasailil, creasocsaim-meitil, ocsafluairfein, próclóras, próiheicseaidé-ón, spiorocsaimín, teafluitrin agus tearbúitiolaisín (IO L 48, 20.2.2019, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/291/oj).

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007 ón gCoimisiún ([18]), cuireadh síneadh le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Candida oleophila* tréithchineál O agus *Paecilomyces fumosoroseus* tréithchineál FE 9901 go dtí an 31 Nollaig 2024.

(6) Cuireadh isteach iarratais agus sainchomhaid fhorlíontacha chun formheas gach ceann de na substaintí gníomhacha sin a athnuachan i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/1740 ón gCoimisiún ([19]). An 16 Lúnasa 2019, an 23 Bealtaine 2022, an 28 Eanáir 2019, an 15 Márta 2022, an 29 Iúil 2022, an 30 Márta 2022, an 31 Bealtaine 2022, an 11 Deireadh Fómhair 2023, an 19 Márta 2019, an 10 Lúnasa 2022 agus an 27 Iúil 2022 faoi seach, chuir na Ballstáit is rapóirtéirí maidir le 8-hiodrocsacuineoilín, aimínipirilid, asocsastróibin, tréithchineál O de *Candida oleophila*, clórantrainileapról, flurocsaipir, creasocsaim-meitil, meatabrómúrón, ocsafluairfein, tréithchineál FE 9901 de *Paecilomyces fumosoroseus* agus tearbúitiolaisín, chuir na Ballstáit sin an Ballstát is comhrapóirtéir, an Coimisiún agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an eolas go raibh measúnú déanta acu ar inghlacthacht, go háirithe iomláine agus tráthúlacht, gach ceann de na hiarratais sin, agus gur tháinig siad ar an gconclúid go raibh siad inghlactha. Cuireadh isteach na sainchomhaid fhorlíontacha chun formheas iomasailile agus teafluitrine a athnuachan tríd an gcóras tíolactha lárnach an 16 Nollaig 2021 agus an 17 Feabhra 2022, faoi seach, agus tá measúnú á dhéanamh ag na Ballstáit is rapóirtéirí ar inghlacthacht na n-iarratas

(7) Maidir leis na substaintí gníomhacha aimínipirilid, asocsastróibin, tréithchineál O de *Candida oleophila*, clórantrainileapról, iomasailil, creasocsaim-meitil, meatabrómúrón, ocsafluairfein, tréithchineál FE 9901 de *Paecilomyces fumosoroseus* , teafluitrin agus tearbúitiolaisín, níl an measúnú riosca de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 tugtha chun críche go fóill ag na Ballstáit is rapóirtéirí lena mbaineann agus tá gá le ham breise chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a thabhairt i gcrích.

(8) Maidir leis an tsubstaint ghníomhach flurocsaipir, tá am breise de dhíth ar an Údarás chun an measúnú riosca a rinneadh don tsubstaint a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, comhairliúchán poiblí agus comhairliúchán le saineolaithe. Tá gá le ham breise ag an gCoimisiún chun an cinneadh maidir le bainistiú riosca a bheidh ina thoradh air sin a ghlacadh.

(9) Maidir leis an tsubstaint ghníomhach 8-hiodrocsacuineoilín, chuir an tÚdarás a chonclúid in iúl don iarratasóir, do na Ballstáit agus don Choimisiún. Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana agus dréacht-Rialachán maidir le formheas na substainte gníomhaí sin a athnuachan faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha. Tá gá le ham breise ag an gCoimisiún chun a thuairim a chur in iúl agus chun an cinneadh maidir le bainistiú riosca a bheidh ina thoradh air sin a ghlacadh.

(10) Dá bhrí sin, is dócha nach bhféadfar aon chinneadh a dhéanamh maidir le formheas na substaintí gníomhacha sin a athnuachan sula rachaidh a dtréimhsí formheasa faoi seach in éag an 31 Nollaig 2024, agus níl aon neart ag na hiarratasóirí faoi seach ar na cúiseanna atá leis an moill sna nósanna imeachta athnuachana. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha sin chun gur féidir na measúnuithe a cheanglaítear a chur i gcrích agus chun bailchríoch a chur ar na nósanna imeachta faoi seach maidir le formheas a athnuachan.

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2007 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 1-deacánól, 1,4-dé-mheitiolnaftailéin, 6-beinsioladainín, aicéacuinicil, Adoxophyes orana granulovirus, sulfáit alúmanaim, aimíosulbróm, Aureobasidium pullulans (tréithchineálacha DSM 14940 agus DSM 14941), asadaraictin, Bacillus pumilus QST 2808, beanalacsail-M, bicsifein, búipireamáit, tréithchineál O de Candida oleophila, clórantrainileapról, fosfónáit déshóidiam, déthianón, dóidín, eimimeictin, fluibeindé-aimíd, fluaimeatúrón, flucsaipiorocsad, flutríafól, heicsitiasocs, iomasamocs, iopconasól, iosocsaibein, aigéad L-ascorbach, sulfar aoil, ola oráiste, tréithchineál FE 9901 de Paecilomyces fumosoroseus , peindémheatailin, peanfluifein, peintiaipiorad, fosfónáití déshóidiam, prósulfúrón, Pseudomonas sp. tréithchineál DSMZ 13134, pireadailil, piriófeanón, piorocsulam, cuinmeireac, aigéad S-scoiteach, seadacsán, sintifein, tiasulfáit airgid sóidiam, spíonatóram, spiriteitreamat, Streptomyces lydicus tréithchineál WYEC 108, tó-fluvailionáit, teabúifeanóisíd, teambaitrí-ón, tíoncarbasón, vailifeanaláit, foisfíd since (IO L 414, 9.12.2020, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/2007/oj).

([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1740/oj).

(11) Maidir leis na substaintí gníomhacha aimínipirilid, asocsastróibin, *Candida oleophila* tréithchineál O, clórantrainileapról, iomasailil, creasocsaim-meitil, meatabrómúrón, ocsafluairfein, *Paecilomyces fumosoroseus* tréithchineál FE 9901, teafluitrin agus tearbúitiolaisín, ós rud é nach bhfuil an measúnú riosca tugtha chun críche go fóill ag na Ballstáit is rapóirtéirí agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a dhéanamh, ba cheart síneadh 29 mí ar na tréimhsí formheasa a shocrú.

(12) Maidir leis an tsubstaint ghníomhach flurocsaipir, ós rud é go bhfuil am breise de dhíth ar an Údarás chun teacht ar chonclúid maidir leis an measúnú riosca tar éis an 2 mhí bhreise is gá chun an comhairliúchán poiblí a thabhairt chun críche de bhun Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha i ngach nós imeachta athnuachana a dhéanamh, ba cheart síneadh 25 mhí agus 2 sheachtain ar an tréimhse formheasa a shocrú i gcás na substainte gníomhaí sin.

(13) Maidir leis an tsubstaint ghníomhach 8-hiodrocsacuineoilín, ós rud é go bhfuil tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ar feitheamh, agus i bhfianaise an ama is gá chun na céimeanna atá fágtha sa nós imeachta athnuachana a chríochnú, ba cheart síneadh 12 mhí ar an tréimhse formheasa a shocrú i gcás na substainte gníomhaí sin.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(15) I gcás ina nglacann an Coimisiún Rialachán lena bhforáiltear nach ndéantar formheas na substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a athnuachan, is é an dáta a shocróidh an Coimisiún mar dháta éaga dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo nó an dáta céanna a bhí ann roimh ghlacadh an Rialacháin seo, cibé dáta acu sin is déanaí. I gcás ina nglacann an Coimisiún Rialachán lena bhforáiltear maidir le hathnuachan formheasa substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún an dáta cur i bhfeidhm is luaithe is féidir a shocrú, de réir mar is iomchuí sna himthosca.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 4, Asocsastróibin, cuirtear ‘31 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta;

(2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 5, Iomasailil, cuirtear ‘31 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta;

(3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 8, Creasocsaim-meitil, cuirtear ‘31 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta;

(4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 9, Flurocsaipir, cuirtear ‘15 Feabhra 2027’ in ionad an dáta;

(5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 10, Teafluitrin, cuirtear ‘31 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta;

(6) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 11, Ocsafluairfein, cuirtear ‘31 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta;

(7) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 16, Tearbúitiolaisín, cuirtear ‘31 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta;

(8) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 18, 8-hiodrocsacuineoilín, cuirtear ‘31 Nollaig 2025’ in ionad an dáta;

(9) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 37, *Candida oleophila* tréithchineál O, cuirtear ‘31 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta;

(10) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 39, *Paecilomyces fumosoroseus* tréithchineál FE 9901, cuirtear ‘31 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta;

(11) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 62, Clórantrainileapról, cuirtear ‘31 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta;

(12) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 76, Meatabrómúrón, cuirtear ‘31 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta;

(13) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 77, Aimínipirilid, cuirtear ‘31 Bealtaine 2027’ in ionad an dáta atá ann.